C/2026/3571

6.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

Cás M.12474 - TAIFU KECHUANG / PROSPERITY KINGSFIELD

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3571)

1. An 24 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Taifu Kechuang Special Steel (Shanghai) Co., Ltd. ('Taifu Kechuang', an tSín), faoi rialú CITIC Group Corporation ('CITIC Group', an tSín), fiontar de chuid na Síne faoi úinéireacht an Stáit, agus

— Prosperity Kingsfield Limited ('Prosperity Kingsfield', Hong Cong), faoi rialú Guangzhou Aerotropolis Industrial Investment Group Co. Ltd., fiontar de chuid na Síne faoi úinéireacht an Stáit freisin.

Gheobhaidh Taifu Kechuang rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Prosperity Kingsfield ina iomláine, ar leis 100 % den leas cothromais in Stemcor Global Holdings Limited.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ardán sealbhaíochta infheistíochta é Taifu Kechuang gan aon ghníomhaíocht ghnó atá dírithe ar an margadh, atá faoi rialú CITIC Group. Cumhdaíonn gnólachtaí Ghrúpa CITIC ar fud an domhain seirbhísí airgeadais cuimsitheacha, ardmhonaraíocht chliste, ardábhair, tomhaltas nua, agus uirbiú de chineál nua. Trína fhochuideachtaí, bíonn CITIC Group ag gabháil do thrádáil, dáileadh agus monarú amhábhar cruach agus táirgí cruach,

— Tá Prosperity Kingsfield, trína fhochuideachtaí, ag gabháil go príomha do thrádáil agus dáileadh amhábhar cruach agus táirgí cruach. Feidhmíonn sé mar idirghabhálaí a nascann ceannaitheoirí le soláthróirí cruach, táirgeoirí amhábhar, táirgeoirí speisialaithe cruach, agus soláthraithe seirbhíse stocshealbhaíochta, ach ní rialaíonn sé féin aon táirgeoir cruach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12474 — TAIFU KECHUANG / PROSPERITY KINGSFIELD

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË